

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 23

AGALLAMH SAOIL-SPÁIS: TEICNÍC ATHCHÓIRITHE AGUS ATÓGÁLA

D'fhorbair Fritz Redl agus David Wineman an teicníc áirithe seo agus ansin chuir Nicholas Long agus Mary Wood forbairt bhreise léi ní ba dhéanaí. Úsáidtear í chun tús a chur le plé faoin rud a rinne dalta, nó mar theicníc athchóirithe agus atógála tar éis an rud a rinne dalta. De ghnáth ba chóir gurb é an ball foirne a bhí páirteach nó a chonaic an rud ag tarlú a bheadh i mbun an agallaimh seo. Is straitéis an-éifeachtach í chun féinfhreagracht a mhúineadh don dalta agus chun iompraíochtaí eile / scileanna nua a iniúchadh leis an dalta. Agus sinn ag baint úsáide as an teicníc mar dhaoine fásta:

1. feicimid dearcadh an dalta san eachtra
2. is féidir linn cabhrú leis an dalta an nasc a fheiceáil idir a c(h)uid mothúchán agus a c(h)uid iompair agus
3. is féidir linn an dalta a spreagadh le freagracht a ghlacadh as a (h)iompar / g(h)níomhartha féin.

Ba chóir go mbeadh an t-agallamh saoil-spáis (LSI) ann chomh luath agus is féidir i ndiaidh na heachtra, chomh luath is atá an dalta sách suaimhneach le suí síos in éineacht leis an duine fásta.

Tá seacht gcéim ag baint leis an bpróiseas:

Bog an dalta go háit leis/léi féin: aimsigh áit chiúin le dul chun cainte; laghdaigh spreagthaí seachtracha (solas, callán agus araile)

Déan iniúchadh ar thuairimí an dalta: iarr ar an dalta a insint duit agus a mhíniú duit cad a tharla agus cén fáth ar tharla sé. Tá sé tábhachtach go n-éistfidh tú go cúramach (féach Treoirbhileog 1: *Éisteacht Ghníomhach..*) agus go n-úsáidfidh tú ceisteanna oscailte / ábhar spreagtha ionas go n-inseoidh an dalta tuilleadh duit. Léirigh go dtacaíonn agus go dtuigeann tú tuairim an dalta (fiú amháin nuair a bheidh sé an-deacair sin a dhéanamh). Déan iarracht ord éigin a chur ar chúrsaí de réir mar a tharla siad - cad a tharla ar dtús agus ansin?

Tabhair achoimre ar mhothúcháin an dalta agus ar an méid atá á rá acu: meabhraigh don dalta cad a dúirt sé/sí maidir le cad a tharla agus le conas a mhothaigh sé/sí nuair a bhí an eachtra ar bun

Naisc mothúcháin an dalta leis an iompar: is céim thábhachtach í sin - nasc a dhéanamh idir an rud a mhothaigh an dalta agus an t-iompar a bhí mar thoradh air m.sh. *"Bhí tú trína chéile toisc go raibh Ann ag caint faoi do chuid éadaí (do chuid oibre / do Mhama / do chara) agus bhuail tú í"*. Ansin seiceáil leis an dalta cé acu atá sé sin cruinn nó nach bhfuil.

Déan iniúchadh ar iompraíochtaí eile: pléigh leis an dalta cad eile a d'fhéadfadh sé/sí a dhéanamh - déan iarracht moltaí a fháil ón dalta féin. Seans nach mbeidh cuid acu chomh hoiriúnach sin, mar sin, déan iarracht an dalta a threorú ionas go bhfeicfidh an dalta cén t-iompar / rogha is fearr a d'oirfeadh dó/di. Uaireanta seans go mbeidh orainn roghanna eile a mholadh don dalta.

Cleacht iompraíocht nua a úsáidfear san am atá le teacht: pleanáil agus déan cleachtadh ar cad a dhéanfaidh an dalta an chéad uair eile i gcás den chineál céanna / nuair a thiocfaidh mothúcháin den chineál céanna chun cinn - déan rólghlacadh leis an dalta: is tusa an duine 'eile' agus is féidir leis an dalta cleachtadh conas freagra níos oiriúnaí a thabhairt ar an rud atá ag tarlú.

Tabhair cleachtadh don dalta arís ar an ngnáthlá scoile: fiafraigh den dalta an bhfuil sé/sí réidh le dul ar ais agus déan iniúchadh ar cad is dóigh leat a dhéanfaidh sé/sí nuair a rachaidh sé/sí ar ais. Spreag an dalta le smaoineamh agus le gníomhú go dearfach nuair a fhillfidh sé/sí ar an rang.

Tuilleadh eolais: http://maxweber.hunter.cuny.edu/pub/eres/EDSPC715_MCINTYRE/LSI.html (tá tuilleadh eolais ar an Agallamh Saoil Spáis agus teicníc níos nuai arís: Idirghabháil Géarchéime Saoil agus Spáis)